# 1916 – 2016

## CLÁR COMÓRTHA CÉAD BLIAIN
*Centenary Programme*

MUINEACHÁN / MONAGHAN

# The Seven Programme Strands
# Seacht Snáithe an Chláir

THE IRELAND 2016 CENTENARY PROGRAMME is built on Seven Programme Strands which, taken together, reflect the themes of Remembering, Reconciling, Presenting, Imagining and Celebrating. The programme will continue to grow and develop over the coming months. To see the updated programme, other county programmes and the national programme for 2016, please visit www.ireland.ie

TÁ ÉIRE 2016: CLÁR COMÓRTHA CÉAD BLIAIN bunaithe ar Sheacht Snáithe an Chláir, agus nuair a thógtar iad sin i dteannta a chéile, léiríonn siad na téamaí Cuimhneamh, Athmhuintearas, Cur i Láthair, Samhlú agus Ceiliúradh. Leanfar ar aghaidh le fás agus forbairt na gclár sna míonna amach romhainn. Leis an gclár nuashonraithe a fheiceáil, chomh maith le cláir chontaetha eile agus an clár náisiúnta le haghaidh 2016, téigh chuig www.ireland.ie

## State and Local Ceremonial
## Searmanais Stáit agus Áitiúla

Formal commemorative events, focused on remembering and honouring those who took part in the Easter Rising, and especially those who gave their lives.

Beidh imeachtaí foirmiúla comóraidh ann a bheidh dírithe ar na daoine a ghlac páirt in Éirí Amach na Cásca, go háirithe iad siúd a thug a mbeatha lena linn, a thabhairt chun cuimhne agus a onórú.

## Historical Reflection
## Machnamh ar an Stair

A range of history-based activities and initiatives, designed to deepen and broaden our understanding of the events of 1916 and that pivotal period in our history.

Beidh réimse gníomhaíochtaí agus tionscnamh staire ann a cheapfar chun ár dtuiscint ar imeachtaí 1916 agus an tréimhse ríthábhachtach sin inár stair a dhoimhniú agus a leathnú.

## The Living Language
## An Teanga Bheo

Reflecting on the central place of the Irish language in the ideals of the Revolutionary Generation and celebrating the language through a diverse programme of events.

Cuirfear clár ilghnéitheach imeachtaí ar siúl mar léiriú ar áit lárnach na Gaeilge in idéil na glúine réabhlóidí agus chun an teanga a cheiliúradh.

## Youth and Imagination
## An Óige agus an tSamhlaíocht

Placing children and young people at the centre of the Ireland 2016 Centenary Programme and integrating historical exploration with a range of imaginative activities.

Cuirfear leanaí agus daoine óga i gcroílár Éire 2016: Clár Comórtha Céad Bliain agus déanfar iniúchadh ar cheisteanna staire a chomhtháthú le réimse gníomhaíochtaí samhlaíocha.

## Cultural Expression
## Léiriú Cultúrtha

Working with our creative community and arts organisations to reflect on our past, our present and our future, with a focus on 1916.

Oibriú lenár bpobal cruthaitheach agus eagraíochtaí ealaíon chun machnamh a dhéanamh ar an am atá thart in Éirinn, ar an saol atá ann faoi láthair agus ar a bhfuil i ndán dúinn amach anseo, agus béim faoi leith ar chuimhneachán 1916.

## Community Participation
## Rannpháirtíocht Phobail

Encouraging widespread citizen engagement in 1916 related events, involving the broadest possible community and voluntary sector participation in towns and villages throughout the country.

Saoránaigh a spreagadh le páirt a ghlacadh in imeachtaí a bhainfidh le 1916, sa chaoi is go mbeidh an rannpháirtíocht is mó is féidir ag na hearnálacha deonacha agus pobail i mbailte agus i sráidbhailte ar fud na tíre.

## Global and Diaspora
## Éireannaigh ar fud an Domhain agus an Diaspóra

Inviting the global Irish family and friends of Ireland from all over the world to join us in remembering, reflecting and re-imagining.

Cuireadh a thabhairt do chlanna Gael ó gach cearn den domhan agus do chairde na hÉireann a bheith linn agus muid ag cuimhneamh, ag déanamh machnaimh agus ag athshamhlú.

# Foreword
# Brollach

MONAGHAN—1916 AND ITS AFTERMATH

At the beginning of 1916, a rebellion against British rule was far from inevitable. The vast majority of the Catholic Nationalist population in County Monaghan looked forward to the implementation of Home Rule after the war. Both Nationalists and the very strong Protestant population of around 25 per cent were getting on with their everyday lives, many of them experiencing a degree of prosperity not known for generations.

On Good Friday 1916, a small band of Irish Volunteers from south Monaghan, probably no more than 12 in number, congregated in the Foresters' Hall, Carrickmacross. Complete with rations and a very limited supply of arms, they were prepared to participate in a general uprising. They disbanded that evening, came together again the following day, disbanded again, regrouped for the final time on the following morning, Easter Sunday, and went home that evening. Confusion reigned as original orders were countermanded and nobody knew where they were supposed to be or what they were supposed to be doing. Thus, there was no rising in Monaghan.

When news of the rebellion reached Monaghan it was widely condemned by both Catholic Nationalists and Protestant Unionists. The first edition of the Dundalk Democrat after the Rising referred to it as 'an act of madness'. Local government bodies disassociated themselves from the rebel activities. The Resolution of Monaghan County Council stated that they 'greatly deplored...the recent regrettable occurrences in Dublin which resulted in the loss of the lives of many of His Majesty's soldiers and civilians'.

At a meeting of Carrickmacross Board of Poor Law Guardians, the Chairman, Edward Kelly, pledged the support of the Guardians to John Redmond:

MUINEACHÁN—IMEACHTAÍ 1916 AGUS A N-IARMHAIRT

Ag tús 1916, ní raibh éirí amach in aghaidh riail na Breataine dosheachanta. Bhí formhór an daonra Náisiúnaigh Chaitlicigh i gContae Mhuineacháin ag súil le cur i bhfeidhm an Rialtais Dúchais tar éis an chogaidh. Bhí na Náisiúnaithe agus an daonra an-láidir Protastúnach (timpeall 25 faoin gcéad) ag dul i mbun a ngnóthaí laethúla, agus rathúnas ag go leor díobh nach bhfacthas le glúine.

Ar Aoine an Chéasta 1916, bhailigh buíon beag d'Óglaigh na hÉireann ó dheisceart Mhuineacháin, nach mó ná 12 is dócha, i Halla na bhForester, Carraig Mhachaire Rois. Bhí ciondálacha agus soláthar an-teoranta airm acu, ach bhí siad réidh le bheith páirteach san éirí amach ginearálta. Dhíscaoil siad an tráthnóna sin, tháinig siad ar ais le chéile an lá dár gcionn, dhíscaoil siad arís, tháinig siad ar ais le chéile den uair dheireanach an mhaidin dár gcionn, Domhnach Cásca, agus chuaigh siad abhaile an tráthnóna sin. Bhí mearbhall ar gach duine mar gur tugadh freasordú ar na horduithe tosaigh agus ní raibh a fhios ag aon duine cá raibh siad ceaptha a bheith nó céard a bhí in ainm is a bheith ar siúl acu. Dá bhrí sin, ní raibh aon éirí amach i Muineachán.

Nuair a tháinig scéal faoin éirí amach chomh fada le Muineachán, cháin Náisiúnaigh Chaitliceacha agus Aontachtaithe Protastúnacha araon é. Thagair an chéad eagrán den Dundalk Democrat tar éis an Éirí Amach dó mar 'ghníomh mire'. Scair comhlachtaí rialtais áitiúla iad féin ó na gníomhaíochtaí reibiliúnacha. Luaigh rún de chuid Chomhairle Contae Mhuineacháin gur cheap siad gur 'mhór an náire...na nithe a tharla le déanaí i mBaile Átha Cliath inar bhásaigh go leor de shaighdiúirí agus de shibhialtaigh an Rí'.

Ag cruinniú de chuid Bhord Bhardaigh Dhlí na mBocht Charraig Mhachaire Rois, gheall an Cathaoirleach, Edward Kelly, tacaíocht na mBardach do John Redmond:

"He was very glad that the prominent Sinn Féiners of Carrickmacross were so weak-spirited that they saved themselves on this occasion....Everyone should approve of the action of the authorities in shooting the rebel leaders—because that is what they are, only a handful of revolutionists. I say it knowing that the press is here and that it will be published...We are all ashamed of them".

Such a response from established Irish Party supporters separated them from the younger generation of Sinn Féiners who were wooed by the patriotic bravery of the rebel leaders. Those who later fought in the War of Independence testified to the surge of militant nationalism that was inspired by the executions of the 1916 leaders. In 1966, Tom Carragher of Donaghmoyne, one of the most prominent IRA leaders in south Monaghan during the War of Independence, commented: 'After the Rising there was at first an awful silence, then a murmur which grew and grew until an awful roar, and by 1918 the profile of Patrick Pearse was hung on every kitchen wall.'

Most particularly, the fact that both James Connolly's parents were born in Monaghan was widely publicised. The method of his execution—the fact that he had to be strapped to a chair because of his wounds—provoked public outrage and engendered deep bitterness and generated great suspicion not only of British intentions but also of the Irish Party's ability to deal with them.

The events which followed the Easter Rising were also crucial. The arrest of hundreds of young men, who had no part in the Rising, was counter-productive. By December 1917, there were 35 Sinn Féin clubs in the county as a whole with an estimated membership of 1,800. The tide had turned in favour of Sinn Féin, and Ireland was heading towards an armed struggle for independence.

"Bhí sé an-sásta go raibh spiorad chomh lag i muintir Shinn Féin i gCarraig Mhachaire Rois gur shábháil siad iad féin an uair seo...Ba cheart go mbeadh gach duine sásta gur lámhach na húdaráis ceannairí na reibiliúnaithe—mar is é sin atá iontu, dornán beag réabhlóidithe. Deirim é agus fios agam go bhfuil an preas anseo agus go bhfoilseofar é...Tá náire orainn mar gheall orthu."

Scair freagra den chineál sin tacadóirí bunaithe an Pháirtí Phoblachtaigh ón nglúin níos óige de mhuintir Shinn Féin a mealladh mar gheall ar chrógacht thírghrách na gceannairí reibiliúnacha. Thug na daoine a throid i gCogadh na Saoirse ina dhiaidh sin fianaise gur spreagadh an borradh faoi náisiúnachas míleata mar gur cuireadh ceannairí 1916 chun báis. I 1966, dúirt Tom Carragher as Domhnach Maighean, a bhí ar cheann de na ceannairí IRA ba mhó le rá i ndeisceart Mhuineacháin i rith Chogadh na Saoirse: 'Tar éis an Éirí Amach bhí sé an-chiúin ar dtús, ansin bhí cogar a d'fhás agus a d'fhás go dtí go raibh torann aisteach ann, agus faoi 1918 bhí pictiúr de Phádraig Mac Piarais crochta ar bhalla gach cistine.'

Go suntasach, fógraíodh go forleathan gur rugadh beirt tuismitheoirí Shéamais Uí Chonghaile i Muineachán. Spreag an bealach ar cuireadh chun báis é—gur ceanglaíodh de chathaoir é mar gheall ar na gortuithe a bhain dó—uafás poiblí agus chothaigh sé searbhas domhain agus amhras mór ní amháin ar rún na Breataine ach ar chumas an Pháirtí Phoblachtaigh le déileáil leo.

Bhí na himeachtaí a tharla tar éis an Éirí Amach ríthábhachtach chomh maith. Bhí gabháil na gcéadta fear óg, nach raibh páirt ar bith acu san Éirí Amach, fritorthúil. Faoi mhí na Nollag 1917, bhí 35 cumann de Shinn Féin sa chontae ina raibh ballraíocht mheasta de 1,800 ar an iomlán. Bhí an taoide casta i bhfabhar Shinn Féin, agus bhí Éire ag dul i dtreo streachailt faoi airm i gcomhair neamhspleáchais.

## THE MONAGHAN CENTENARY COMMEMORATIONS

The commemoration of these tumultuous events that eventually led to the Irish Republic will be multifaceted. The people of County Monaghan will come together to remember and reflect on how 1916 changed the history of Ireland, and how those events have brought us to the modern Republic of today. This will be done through a broad range of initiatives including, talks, tours, exhibitions, performances and local community events. A detailed overview of this exciting programme, as it is currently, is presented in this document.

The Monaghan 1916 Commemoration Committee is comprised of Monaghan County Council staff from the library, corporate, heritage, arts, tourism and museum sectors as well as Monaghan County Councillors representing each of political groupings that sit on the Council. As part of the community planning phase, a public consultation evening was held. All community groups and the general public were invited to attend and present any ideas that they felt would properly commemorate the Rising and its legacy. All of these prospective projects were recorded and became an integral part of the committee's planning for Monaghan 2016. Following this public event a grant programme was offered throughout the county to aid community groups with the initial planning phase of their projects in the latter half of 2015. Thanks to this broad and extensive public consultation, the events programme for Monaghan 2016 will very much be a community led experience that presents every citizen in the county with an opportunity to learn, reflect on and commemorate the 1916 Rising and what that means to them.

The Ireland 2016 Centenary Programme is built on Seven Programme Strands which taken together reflect the themes of remembering, reconciling, presenting, imagining and celebrating.

## CUIMHNEACHÁIN CÉAD BLIAIN MHUINEACHÁIN

Beidh an comóradh ar na himeachtaí círéibeacha seo a chuir tús le Poblacht na hÉireann ilghnéitheach. Tiocfaidh muintir Chontae Mhuineacháin le chéile le cuimhneamh agus féachaint siar ar an gcaoi ar athraigh 1916 stair na hÉireann, agus ar an gcaoi ar thug na himeachtaí sin go dtí Poblacht an lae inniu muid. Déanfar é seo trí raon leathan tionscnamh lena n-áirítear cainteanna, turais, taispeántais, taibhithe agus imeachtaí pobail áitiúla. Cuirtear forbhreathnú mionsonraithe ar an gclár spreagúil seo, mar atá faoi láthair, i láthair sa cháipéis seo.

Tá comhaltaí foirne ó Chomhairle Contae Mhuineacháin ón leabharlann, ó earnálacha corparáideacha, oidhreachta, ealaíon, turasóireachta agus músaeim mar aon le Comhairleoirí Contae Mhuineacháin chun ionadaíocht a dhéanamh ar gach grúpáil pholaitíochta a shuíonn ar an gComhairle ar Choiste Comórtha 1916 Mhuineacháin. Mar chuid den chéim pleanála pobail, reáchtáladh tráthnóna comhairliúcháin phoiblí. Tugadh cuireadh do gach grúpa agus don phobal i gcoitinn freastal ar an imeacht agus aon smaointe a mheas siad a dhéanfadh comóradh ceart ar an Éirí Amach agus ar a oidhreacht a chur i láthair. Taifeadadh na tionscadail fhéideartha seo ar fad agus bhí siad ina gcuid lárnach de phleanáil an choiste i gcomhair Mhuineachán 2016. Tar éis an imeachta phoiblí seo, cuireadh clár deontais ar fáil ar fud an chontae le cuidiú le grúpaí poiblí le céad chéim pleanála a dtionscadal sa dara leath de 2015. A bhuíochas don chomhairliúchán poiblí leathan agus fairsing seo, taithí faoi threoir an phobail a bheidh i gclár imeachtaí Mhuineachán 2016 amach is amach, a thabharfaidh deis do gach saoránach sa chontae foghlaim faoi Éirí Amach 1916, smaoineamh faoi agus comóradh a dhéanamh ar an Éirí Amach agus ar an méid atá i gceist leis dóibh siúd.

Tá Éire 2016: Clár Comórtha Céad Bliain bunaithe ar Sheacht Snáithe Cláir a léiríonn téamaí maidir le cuimhneamh, réiteach, cur i láthair, samhlú agus ceiliúradh nuair a thógtar le chéile iad.

Local Authorities have been formally given the role by the Minister for Arts, Heritage and the Gaeltacht, of devising and delivering a commemorative programme at county level. Monaghan County Council has led the development of this plan in partnership with the community.

Communities will be vital in the planning and delivery of the programme for commemoration at County level. The wider community in Monaghan has been involved with the development of this plan, through a call for submissions in July 2015, and a public workshop held in May 2015, to which over one hundred people attended.

Many of the submissions received and contributions to the workshops outlined what communities across Monaghan were already planning for the commemoration of 1916, and also detailed what individuals and groups believe should happen at county level and wider for the commemorations. All submissions have been carefully considered and are reflected in this plan.

In addition, a Seed Funding Initiative grant scheme was launched in July 2015 and 43 applications for support were received by the closing date in July. Details of community projects approved for funding under this scheme are included in the relevant sections of this plan, categorised under what is considered to be the relevant programme strand and also in the draft Calendar of Events.

Grants to date have been allocated for projects taking place in 2015 and 2016, either as standalone projects, or in preparation for events and projects to take place in 2016.

During 2016 we will take the opportunity to reflect on 1916, the events leading up to and following the Rising, the people and groups involved and the impacts, positive and negative, on the Ireland of today.

This reflection will allow us to prepare fully, in partnership with the community, for a meaningful commemoration of 1916, through a programme of public engagement and consultation.

Thug an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ról foirmiúil d'Údaráis Áitiúla chun clár comórtha ag leibhéal contae a cheapadh agus a sheachadadh. Threoraigh Comhairle Contae Mhuineacháin forbairt an phlean seo i gcomhar leis an bpobal.

Beidh pobail lárnach i bpleanáil agus i seachadadh an chláir chun comóradh a dhéanamh ag leibhéal Contae. Bhí an pobal níos leithne i Muineachán páirteach i bhforbairt an phlean seo, tríd an ngairm ar aighneachtaí i mí Iúil 2015, agus trí cheardlann phoiblí a reáchtáladh i mí na Bealtaine 2015, ar ar fhreastail os cionn céad duine.

Leagadh amach in go leor de na haighneachtaí agus de na tuairimí a tugadh sna ceardlanna na rudaí a bhí á bpleanáil ag pobail ar fud Mhuineacháin cheana féin chun 1916 a chomóradh, agus chomh maith leis sin tugadh sonraí na rudaí a chreideann daoine agus grúpaí is ceart a dhéanamh ag leibhéal contae agus níos leithne don chomóradh. Rinneadh breithniú cúramach ar gach aighneacht agus léirítear iad sa phlean seo.

Mar aon leis sin, seoladh scéim deontais um Thionscnamh Síolchiste i mí Iúil 2015 agus fuarthas 43 iarratas ar thacaíocht faoin dáta deiridh i mí Iúil. Áirítear sonraí thionscadail phobail a faomhadh le haghaidh maoiniú sna codanna ábhartha den phlean seo, arna gcatagóiriú faoin snáithe cláir ábhartha agus sa Dréacht-Fhéilire Imeachtaí.

Leithdháileadh deontais go dtí seo ar thionscadail a tharlóidh in 2015 agus in 2016, mar thionscadail astu féin, nó mar réiteach d'imeachtaí agus do thionscadail a bheidh ag tarlú in 2016.

I rith 2016, beidh deis againn machnamh a dhéanamh ar 1916, ar na himeachtaí a tharla roimh an Éirí Amach agus ina dhiaidh, ar na daoine agus ar na grúpaí a bhí páirteach agus ar na tionchair, idir dhearfach agus dhiúltach, ar Éirinn an lae inniu.

Ceadóidh an machnamh seo dúinn réiteach go hiomlán, i gcomhar leis an bpobal, i gcomhair comóradh bríoch ar 1916, trí chlár rannpháirtíochta agus comhairliúcháin phoiblí.

# Programme
# An Clár

## Ceremonial
## Searmanais

| | | |
|---|---|---|
| EASTER 2016<br>AN CHÁISC 2016<br>Monaghan Town<br>Baile Mhuineacháin | Monaghan County Council official commemoration event | Imeacht comórtha oifigiúil Chomhairle Contae Mhuineacháin |
| Monaghan, Ballybay-Clones, Carrickmacross-Castleblayney<br>Mhuineacháin, Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois, Charraig Mhachaire Rois-Bhaile na Lorgan | Wreath Laying / Flag Raising Ceremonies in each Municipal District Area | Searmanais Fleascleagain / chun Brat a chur in Airde i ngach ceantar Dúiche Bardais |

## Historical Reflection
## Machnamh ar an Stair

| | | |
|---|---|---|
| EASTER 2016<br>AN CHÁISC 2016<br>Carrickatee-Ballybay<br>Carraig an Tí-Bhéal Átha Beithe | **1916 Banner**<br>Full restoration of Wolfe Tone Sinn Féin banner used in 1916<br>*Carrickatee-Ballybay 1916 Commemoration* | **Brat 1916**<br>Athchóiriú iomlán ar bhrat Wolfe Tone Shinn Féin a úsáideadh i 1916<br>*Comóradh 1916 Charraig an Tí-Bhéal Átha Beithe* |
| SEPTEMBER–DECEMBER 2015<br>MEÁN FÓMHAIR–NOLLAIG 2015<br>Carrickatee-Ballybay<br>Carraig an Tí-Bhéal Átha Beithe | **1916 Drum**<br>Restoration of Carrickatee Drum<br>*Carrickatee-Ballybay 1916 Commemoration* | **Druma 1916**<br>Athchóiriú Dhruma Charraig an Tí<br>*Comóradh 1916 Charraig an Tí-Bhéal Átha Beithe* |
| 01.05.16<br>Cornagilta School Heritage Centre, Tydavnet<br>Ionad Oidhreachta Scoil Chorr na gCoillte, Tigh Damhnata | **Tydavnet Parish: 1916 History**<br>Museum comprising local 1916 memorabilia<br>*Cornagilta School Heritage Centre* | **Paróiste Thigh Damhnata: Stair 1916**<br>Músaem ina bhfuil earraí cuimhneacháin áitiúla ó 1916<br>*Ionad Oidhreachta Scoil Chorr na gCoillte* |
| 07.05.16<br>Countywide<br>Ar fud an chontae | **Revolutionary Tour of Monaghan**<br>Tours of local area highlighting the 1916 historic heritage, culminating in the unveiling of a plaque for Bernard McCartain-Ward<br>*Clones Failte* | **Turas Réabhlóideach ar fud Mhuineacháin**<br>Turais ar an gceantar áitiúil ina dtaispeántar oidhreacht stairiúil 1916, agus nochtadh plaice do Bernard McCartain-Ward mar bhuaicphointe Láthair: Ar fud an chontae<br>*Fáilte Chluain Eois* |
| 27.03.16<br>Sliabh Beagh Hotel, Knockatallon<br>Óstán Shliabh Beagh, Cnoc an tSalainn | **Easter Feast and 1916 Museum**<br>Museum comprising local 1916 memorabilia including Easter feast and guest speakers<br>*Knockatallon Ladies Group* | **Féasta na Cásca agus Músaem 1916**<br>Músaem ina bhfuil earraí cuimhneacháin áitiúla ó 1916 lena n-áirítear féasta na Cásca agus aoichainteoirí<br>*Grúpa Ban Chnoc an tSalainn* |
| NOVEMBER 2015<br>SAMHAIN 2015<br>Corcaghan Community Centre<br>Ionad Pobail Chorr Cheachan | **Publication of booklet**<br>Publication and launch of booklet on three locals involved in 1916 (P. Mc Carville, M. Fitzpatrick and O. Keenan)<br>*Kilmore/ Drumsnatt Heritage Society* | **Foilsiú leabhráin**<br>Foilsiú agus seoladh leabhráin faoi thriúr áitiúil a bhí páirteach i 1916 (P. Mc Carville, M. Fitzpatrick and O. Keenan)<br>*Cumann Oidhreachta na Cille Móire / Dhroim Sneachta* |
| MARCH 2016<br>MÁRTA 2016<br>Monaghan County Museum<br>Músaem Chontae Mhuineacháin | **1916 Exhibition**<br>Major exhibition comprising story of Monaghan before and after the 1916 rising, using artefacts, images, and footage. Developed in partnership with Professor Terence Dooley, Maynooth University<br>*Monaghan County Museum* | **Taispeántas 1916**<br>Mórthaispeántas ina bhfuil scéal Mhuineacháin roimh Éirí Amach 1916 agus ina dhiaidh, a úsáideann déantáin, íomhánna agus píosaí scannáin. Arna fhorbairt i gcomhpháirt leis an Ollamh Terence Dooley, Ollscoil Mhaigh Nuad<br>*Músaem Chontae Mhuineacháin* |
| APRIL–MAY 2016<br>AIBREÁN–BEALTAINE 2016<br>Monaghan County Museum<br>Músaem Chontae Mhuineacháin | **Series of Lectures**<br>A series of lectures will take place throughout the period of the 100th anniversary of the Rising exploring many of the themes associated with it<br>*Monaghan County Museum* | **Sraith Léachtaí**<br>Reáchtálfar sraith léachtaí i rith thréimhse chomóradh 100 bliain an Éirí Amach a fhiosróidh go leor de na téamaí a bhaineann leis<br>*Músaem Chontae Mhuineacháin* |
| MAY 2016<br>BEALTAINE 2016<br>Monaghan County Museum<br>Músaem Chontae Mhuineacháin | **Music of 1916**<br>Take a step back in time and enjoy an evening of song and dance from a century ago<br>*Monaghan County Museum* | **Ceol 1916**<br>Téigh siar agus bain taitneamh as tráthnóna amhránaíochta agus damhsa ó chéad bliain ó shin<br>*Músaem Chontae Mhuineacháin* |
| MAY 2016<br>BEALTAINE 2016<br>Monaghan County Museum<br>Músaem Chontae Mhuineacháin | **Fashion of 1916**<br>The Rising affected everyone in Ireland. Through this unique event we show what those ordinary people were wearing and hear some of their stories of living through this turbulent period in history<br>*Monaghan County Museum* | **Faisean 1916**<br>Bhí tionchar ag an Éirí Amach ar gach duine in Éirinn, tríd an imeacht uathúil seo taispeánfaimid an t-éadach a bhíodh ar na gnáthdhaoine sin agus cloisfimid roinnt dá scéalta maidir le maireachtáil tríd an tréimhse shuaite seo sa stair<br>*Músaem Chontae Mhuineacháin* |

| | | |
|---|---|---|
| SEPTEMBER–NOVEMBER 2015<br>MEÁN FÓMHAIR–SAMHAIN 2015<br>Monaghan County Museum<br>Músaem Chontae Mhuineacháin | **The Somme Workshop and Lecture Series**<br>This programme of events will tell the story of a country at war, how the Rising changed everything both for the people at home and the thousands of Irish men and women serving in the British army<br>*Monaghan County Museum* | **Ceardlann agus Sraith Léachtaí faoin Somme**<br>Inseoidh an clár imeachtaí seo scéal maidir le tír i mbun cogaidh, an chaoi ar athraigh an tÉirí Amach gach rud do na daoine sa bhaile agus do na mílte fear agus bean Éireannach a bhí in arm na Breataine<br>*Músaem Chontae Mhuineacháin* |
| 08.07.16–10.07.16<br>Carrickroe<br>An Charraig Rua | **Carrickroe Welcome Home Annual Festival**<br>1916 remembrance march will be held on the opening night ceremony, including costumes from the 1916 era and memorabilia | **Féile Bhliantúil Fáilte Abhaile na Carraige Rua**<br>Reáchtálfar máirseáil chuimhneacháin 1916 le linn shearmanas oíche na hoscailte, lena n-áirítear cultacha ó ré 1916 agus earraí cuimhneacháin |
| THROUGHOUT 2016<br>I RITH 2016<br>Countywide<br>Ar fud an chontae | **Margaret Skinnider Commemoration**<br>Events including: establishing commemorative garden, short promotional video of the ancestry at home, tribute concert and launch of book<br>*Margaret Skinnider Appreciation Society* | **Comóradh Margaret Skinnider**<br>Roinnt imeachtaí lena n-áirítear gairdín comórtha a bhunú, físeán gearr bolscaireachta faoi theach a sinsear, ceolchoirm ómóis agus seoladh leabhair<br>*Cumann Ómóis Margaret Skinnider* |
| NOVEMBER 2015<br>SAMHAIN 2015<br>Carrickmacross<br>Carraig Mhachaire Rois | **20th Anniversary**<br>Celebration of 20th anniversary of town twinning with Carhaix, along with celebration of 1916 rising<br>*Carrickmacross / Carhaix Town Twinning* | **Comóradh 20 Bliain**<br>Ceiliúradh comóradh 20 bliain de nascadh baile le Carhaix, mar aon le ceiliúradh ar Éirí Amach 1916<br>*Nascadh Bailte Charraig Mhachaire Rois / Carhaix* |
| 20.11.15–22.11.15<br>Catholic Hall, O'Neill St, Carrickmacross<br>Halla Caitliceach, Sráid Uí Néill, Carraig Mhachaire Rois | **Commemoration event**<br>Commemoration of PH Pearse's visit to Carrickmacross<br>*Farney Community Development Group* | **Imeacht comórtha**<br>Comóradh ar chuairt Phádraig Mhic Phiarais ar Charraig Mhachaire Rois<br>*Farney Community Development Group* |
| 18.03.16<br>Scotstown GAA Complex<br>Ionad CLG Bhaile an Scotaigh | **Oral History**<br>Research and study to collect an oral history culminating in an exhibition and presentation to locals<br>*Scotstown GAA* | **Stairsheanchas**<br>Taighde agus staidéar chun stairsheanchas a bhailiú as a ndéanfar taispeántas agus cur i láthair do dhaoine áitiúla<br>*CLG Bhaile an Scotaigh* |
| DATE TBC<br>DATÁ LE DEIMHNIÚ<br>Carrickmacross<br>Carraig Mhachaire Rois | **Erection of monument**<br>Erection of monument in Carrickmacross<br>*South Monaghan Easter 1916 Centenary* | **Tógáil séadchomhartha**<br>Tógáil séadchomhartha i gCarraig Mhachaire Rois<br>*Comóradh Céad Bliain Cháisc 1916 i nDeisceart Mhuineacháin* |
| EASTER 2016<br>AN CHÁISC 2016<br>Venue TBC<br>Ionad le deimhniú | **1916 Commemoration museum**<br>Pop up 1916 museum<br>*Carrickatee–Ballybay 1916 Commemoration* | **Músaem comórtha 1916**<br>Músaem sealadach 1916<br>*Comóradh 1916 Charraig an Tí–Bhéal Átha Beithe* |



| | | |
|---|---|---|
| JANUARY–JUNE 2016<br>EANÁIR–MEITHEAMH 2016 | **One Book—One County**<br>Engaging the community in a reading of a series of books written about 1916, involving discussion workshops, creative writing workshops and aimed at primary, secondary school children and adults<br>*Monaghan County and Branch Libraries* | **Leabhar Amháin—Contae Amháin**<br>Dul i ngleic leis an bpobal trí shraith leabhar a scríobhadh faoi 1916 a léamh, a chuimsíonn ceardlanna plé agus ceardlanna scríbhneoireachta cruthaithí atá dírithe ar leanaí bunscoile agus iar-bhunscoile agus ar dhaoine fásta<br>*Leabharlanna Contae agus Brainse Mhuineacháin* |
| DATE TBC<br>DATÁ LE DEIMHNIÚ<br>Venue TBC<br>Ionad le deimhniú | **Travelling exhibition**<br>Hosting of the national travelling exhibition outlining the role of women in the Rising<br>*Monaghan County and Branch Libraries and Museum* | **Taispeántas taistil**<br>An taispeántas taistil náisiúnta ina leagtar amach ról na mban san Éirí Amach a óstáil<br>*Leabharlanna agus Músaem Contae agus Brainse Mhuineacháin* |

## The Living Language
## An Teanga Bheo

| | | |
|---|---|---|
| 12.03.1616<br>Monaghan Town, but also countrywide<br>Baile Mhuineacháin, agus ar fud na tíre | **Rith 2016**<br>Irish language fun-run using the Irish language in a fun way<br>*Muineachán le Gaeilge* | **Rith 2016**<br>Rith spraíúil Gaeilge ina n-úsáidtear an Ghaeilge ar bhealach spraíúil<br>*Muineachán le Gaeilge* |
| SEPTEMBER–DECEMBER 2015<br>MEÁN FÓMHAIR–NOLLAIG 2015<br>Venue TBC<br>Ionad le deimhniú | **Cumann Seanchais Chlochair Irish Speaking in Co. Monaghan in 1916**<br>Legacy of Irish speaking in Monaghan during 1916<br>*Clogher Historical Society/* | **Labhairt na Gaeilge i gContae Mhuineacháin i 1916**<br>Oidhreacht labhairt na Gaeilge i Muineachán i rith 1916<br>*Cumann Seanchais Chlochair* |

## Youth and Imagination
## An Óige agus an tSamhlaíocht

| | | |
|---|---|---|
| EARLY 2016<br>TÚS 2016<br>Schools countywide<br>Scoileanna ar fud an chontae | **Primary and Secondary Schools competition**<br>Colouring competition for young children and essay competition for teenagers, incorporating 1916 themes<br>*South Monaghan Easter 1916 Centenary Commemoration* | **Comórtas do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna**<br>Comórtas dathúcháin do dhaoine óga agus comórtas aiste do dhéagóirí, a chuimsíonn téamaí 1916<br>*Comóradh Céad Bliain Cháisc 1916 i nDeisceart Mhuineacháin* |
| SEPTEMBER–DECEMBER 2015<br>MEÁN FÓMHAIR–NOLLAIG 2015<br>Garage Theatre and countywide primary schools<br>Amharclann Garage agus bunscoileanna ar fud an chontae | **Remembering Histories exhibition**<br>Disseminate a knowledge and appreciation of the visual language of art in primary schools and encourage reflections and responses to the 1916 commemorations<br>*Local Arts in Education Partnership* | **Taispeántas faoi Chuimhneamh ar an Stair**<br>Eolas agus léirthuiscint a scaipeadh ar theanga amhairc na healaíne i mbunscoileanna agus léirmhínithe agus freagraí ar chomóradh 1916 a spreagadh<br>*Comhpháirtíocht na nEalaíon san Oideachas Áitiúil* |
| NOVEMBER 2015–AUGUST 2016<br>SAMHAIN 2015–LÚNASA 2016<br>Clones<br>Cluain Eois | **Cherishing all the children of the nation equally**<br>Competition for children and young adults using collection of folklore and historical facts, with seven awards in total. The committee will also host a series of talks on the leaders of 1916<br>*Clones 1916 Commemoration Committee* | **Comhchúram a dhéanamh do chlann uile an náisiúin**<br>Comórtas do leanaí agus do dhaoine fásta óga ag úsáid bailiúcháin de bhéaloideas agus fíricí stairiúla, le seacht ngradam ina n-iomláine. Reáchtálfaidh an coiste sraith cainteanna chomh maith ar cheannairí 1916<br>*Coiste Comórtha 1916 Chluain Eois* |
| EASTER 2016<br>AN CHÁISC 2016<br>Venue TBC<br>Ionad le deimhniú | **1916 Clubs Challenge**<br>Table quiz on the 1916 Rising, followed by a football tournament (in conjunction with the GAA)<br>*Monaghan Comhairle na nÓg* | **Dúshláin na gClubanna 1916**<br>Tráth na gceist faoi Éirí Amach 1916, le comórtas peile ina dhiaidh (i gcomhar le CLG)<br>*Comhairle na nÓg i Muineachán* |
| DATE TBC<br>DATÁ LE DEIMHNIÚ<br>Monaghan County and Branch Libraries<br>Leabharlanna Contae agus Brainse Mhuineacháin | **Historical Talks**<br>A series of talks by local historians<br>*Monaghan County and Branch Libraries* | **Cainteanna Stairiúla**<br>Sraith cainteanna le staraithe áitiúla<br>*Leabharlanna Contae agus Brainse Mhuineacháin* |
| JULY–AUGUST 2016<br>IÚIL–LÚNASA 2016<br>Monaghan<br>Muineachán | **1916 Summer Camp**<br>Delivering summer camp to a broad range of children, including workshops and site visits relating to 1916<br>*Teach na nDaoine* | **Campa Samhraidh 1916**<br>Campa samhraidh a sheachadadh do raon leathan leanaí, lena n-áirítear ceardlanna agus cuairteanna ar shuíomhanna a bhaineann le 1916<br>*Teach na nDaoine* |
| JANUARY–MARCH 2016<br>EANÁIR–MÁRTA 2016<br>The Market House, Monaghan<br>Teach an Mhargaidh, Muineachán | **Monaghan Town Easter Rising 1916–2016**<br>Performance of reflective and relevant arts and drama pieces, linking past historical events to present surroundings<br>*Monaghan Garda Youth Diversion Project* | **Éirí Amach na Cásca i mBaile Mhuineacháin 1916–2016**<br>Taibhiú ealaíne agus drámaíochta léirithí agus ábhartha, a nascann imeachtaí stairiúla le timpeallachtaí an lae inniu<br>*Tionscadal Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána do Mhuineachán* |
| SEPTEMBER 2015–JUNE 2016<br>MEÁN FÓMHAIR 2015–MEITHEAMH 2016<br>Venue TBC<br>Ionad le deimhniú | **Discussion groups**<br>Co-ordinated education approach across all secondary schools with a programme to engage discussion on ideals of 1916, involving school councils, ETB, PDST, along with a study of the Proclamation<br>*Secondary Schools countywide* | **Pléghrúpaí**<br>Cur chuige oideachais comhordaithe ar fud gach iar-bhunscoil le clár le dul i ngleic le plé ar idéil 1916, ina mbíonn comhairlí scoile, ETB, PDST, mar aon le staidéar ar an bhForógra<br>*Iar-bhunscoileanna ar fud an chontae* |

## Cultural Expression
## Léiriú Cultúrtha

| | | |
|---|---|---|
| NOVEMBER 2015<br>SAMHAIN 2015<br>Carrickmacross and Inniskeen<br>Carraig Mhachaire Rois agus Inis Caoin | **Production of play 'The Tragic Bride of 1916'**<br>Production of play highlighting a story that occurred during the 1916 Rising<br>*South Monaghan Easter 1916 Centenary Committee* | **Léiriú Dráma 'The Tragic Bride of 1916'**<br>Léiriú dráma ina bhfeictear scéal a tharla i rith Éirí Amach 1916<br>*Coiste Chomóradh Céad Bliain Cháisc 1916 i nDeisceart Mhuineacháin Léiriú dráma* |
| FEBRUARY–MARCH 2016<br>FEABHRA–MÁRTA 2016<br>Countywide<br>Ar fud an chontae | **The Music of 1916**<br>Event celebrating the musical and cultural heritage of 1916<br>*South Monaghan Arts Community* | **Ceol 1916**<br>Imeacht a cheiliúrann oidhreacht cheoil agus chultúrtha 1916<br>*Pobal Ealaíon Dheisceart Mhuineacháin* |
| MARCH–MAY 2016<br>MÁRTA–BEALTAINE 2016<br>Clones<br>Cluain Eois | **Composition of new piece of music**<br>New music to reflect, remember and celebrate the events of 1916, alongside a concert and talks<br>*Martin Mc Cabe* | **Cumadh píosa nua ceoil**<br>Ceol nua chun imeachtaí 1916 a léiriú, a thabhairt chun cuimhne agus a cheiliúradh, mar aon le ceolchoirm agus cainteanna<br>*Martin Mc Cabe* |
| MARCH–SEPTEMBER 2016<br>MÁRTA–MEÁN FÓMHAIR 2016<br>Iontas Centre, Castleblayney<br>Ionad Íontas, Baile na Lorgan | **Choral Project 1916**<br>Composition of new choral work using text from the Proclamation, and recorded with local choral groups<br>*Íontas Theatre* | **Tionscadal Córúil 1916**<br>Cumadh saothar nua córúil le téacs ón bhForógra agus arna thaifead le grúpaí córúla áitiúla<br>*Amharclann Íontas* |

| | | |
|---|---|---|
| 07.05.16<br>Clones<br>Cluain Eois | **Screening of 'Mise Eire'**<br>Screening of film<br>*Clones Film Festival* | **Taispeáint 'Mise Éire'**<br>Taispeáint scannáin<br>*Féile Scannán Chluain Eois* |
| EASTER 2016<br>AN CHÁISC 2016<br>Countywide<br>Ar fud an chontae | **1916 Rebellion Project**<br>Creation of new pieces of art work, including performances and collaborative pieces<br>*Monaghan Arts Network* | **Tionscadal Reibiliúnach 1916**<br>Cumadh píosaí nua saothair ealaíne, lena n-áirítear taibhithe agus píosaí comhoibritheacha<br>*Líonra Ealaíon Mhuineacháin* |
| SEPTEMBER–NOVEMBER 2015<br>MEÁN FÓMHAIR–SAMHAIN 2015<br>Venue TBC<br>Ionad le deimhniú | **Sounds of 1916**<br>Sounds of 1916 CD containing songs from that era and new pieces of music exclusive to Monaghan<br>*Carrickmacross Comhaltas* | **Fuaimeanna 1916**<br>CD Fuaimeanna 1916 ar a bhfuil amhráin ón ré sin agus píosaí nua ceoil a bhaineann go sonrach le Muineachán<br>*Comhaltas Charraig Mhachaire Rois* |
| NOVEMBER 2015–AUGUST 2016<br>SAMHAIN 2015–LÚNASA 2016<br>Garage Theatre, with an intention to tour secondary schools<br>Amharclann Garage, agus é i gceist camchuairt a thabhairt ar scoileanna | **Production of 'The Patriot Game'**<br>Production of play, ending in workshops after performances<br>*Monaghan Youth Theatre* | **Léiriú 'The Patriot Game'**<br>Léiriú dráma, agus ceardlanna tar éis na dtaibhithe<br>*Amharclann Óige Mhuineacháin* |
| APRIL 2016<br>AIBREÁN 2016<br>Scotstown Sports Complex<br>Ionad Spóirt Bhaile an Scotaigh | **1916 Centenary Concert**<br>Presented by the Oriel Central Seisiún groups including song, dance and poetry<br>*Craobh Eamonn Ó Muirí* | **Ceolchoirm Comórtha Céad Bliain 1916**<br>Arna chur i láthair ag grúpaí Oriel Central Seisiún lena n-áirítear amhránaíocht, damhsa agus filíocht<br>*Craobh Eamonn Ó Muirí* |
| 2016<br>2016<br>TBC (Preferably secondary schools countywide)<br>Láthair le deimhniú (Iar-bhunscoileanna ar fud an chontae más féidir) | **Production of play**<br>Play reflecting on local activity, involvement and real life living conditions and events in Monaghan circa 1916<br>*Rising Voice Project* | **Léiriú dráma**<br>Dráma ina léirítear gníomhaíocht áitiúil, rannpháirtíocht agus imeachtaí agus coinníollacha maireachtála mar a bhí i Muineachán timpeall 1916<br>*Tionscadal Rising Voice* |
| MARCH–NOVEMBER 2016<br>MÁRTA–SAMHAIN 2016<br>Glaslough, Lough Feas, Lough Bawn, Hilton Park<br>Glasloch, Lough Feas, Lough Bawn, Hilton Park | **House Plays**<br>Plays and workshops in four landmark houses throughout Monaghan<br>*Lough Bawn Trust* | **Drámaí Tí**<br>Drámaí agus ceardlanna i gceithre theach shuntasacha ar fud Mhuineacháin<br>*Iontaobhas Lough Bawn* |



## Community Participation
## Rannpháirtíocht Phobail

| | | |
|---|---|---|
| APRIL 2016<br>AIBREÁN 2016<br>Scotstown<br>Baile an Scotaigh | **Commemorative Plaque**<br>Plaque incorporating the Proclamation and names of the signatories in the village green<br>*Scotstown Tidy Towns* | **Plaic Chuimhneacháin**<br>Plaic ar a bhfuil an Forógra agus ainmneacha na sínitheoirí i bplás an tsráidbhaile<br>*Bailte Slachtmhara Bhaile an Scotaigh* |
| SPRING 2016<br>EARRACH 2016<br>Barry Mc Guigan Park, Clones<br>Páirc Barry Mc Guigan, Cluain Eois | **Memorial Garden**<br>Community Commemorative Garden<br>*Clones Tidy Towns* | **Gairdín Cuimhneacháin**<br>Gairdín Comórtha Pobail<br>*Bailte Slachtmhara Chluain Eois* |
| 09.04.16<br>Market House, Monaghan<br>Teach an Mhargaidh, Muineachán | **Re-imagining Monaghan's Future**<br>Series of talks and workshops on sustainability, resilience, well being, and environmental changes since 1916<br>*Transition Monaghan* | **Todhchaí Mhuineacháin a Athshamhlú**<br>Sraith cainteanna agus ceardlann ar inbhuanaitheacht, ar athléimneacht, ar fholláine agus ar athruithe comhshaoil ó 1916<br>*Aistriú Mhuineacháin* |
| EASTER 2016<br>AN CHÁISC 2016<br>Castleblayney<br>Baile na Lorgan | **Memorial Garden**<br>Community Commemorative Garden in conjunction with Carrickmacross-Castleblayney MD<br>*Castleblayney Tidy Towns* | **Gairdín Cuimhneacháin**<br>Gairdín Comórtha Pobail i gcomhar le DB Charraig Mhachaire Rois-Bhaile na Lorgan<br>*Bailte Slachtmhara Bhaile na Lorgan* |
| APRIL 2016<br>AIBREÁN 2016<br>Carrickmacross<br>Carraig Mhachaire Rois | **Memorial Garden**<br>Community Commemorative Garden in conjunction with Carrickmacross- Castleblayney MD<br>*Carrickmacross Tidy Towns* | **Gairdín Cuimhneacháin**<br>Gairdín Comórtha Pobail i gcomhar le DB Charraig Mhachaire Rois-Bhaile na Lorgan<br>*Bailte Slachtmhara Charraig Mhachaire Rois* |
| OCTOBER 2015–MAY 2016<br>DEIREADH FÓMHAIR 2015–BEALTAINE 2016<br>Countywide<br>Ar fud an chontae | **One Book, One County Reading Initiative**<br>Engaging the community in reading a series of books written about 1916, involving discussion workshops<br>*Monaghan County Library Services* | **Tionscnamh Léitheoireachta Leabhar Amháin, Contae Amháin**<br>Dul i ngleic leis an bpobal trí shraith leabhar a scríobhadh faoi 1916 a léamh, a chuimsíonn ceardlanna plé<br>*Seirbhísí Leabharlainne Chontae Mhuineacháin* |

MARCH–APRIL 2016
MÁRTA–AIBREÁN 2016

Clontibret/Derrynoose
Cluain Tiobrad/Doire Núis

**Borderline Walk and Information Session**
Cross community walk, historical talk and reflection on consequences of 1916. This group will also host a céil using the Irish language as an element of our cultural identity, and will host a study visit to sites associated with 1916
*Borderline Walkers*

**Siúl Teorann agus Seisiún Eolais**
Siúl trasphobail, caint stairiúil agus machnamh ar iarmhairtí 1916. Déanfaidh an grúpa seo céilí a óstáil ina n-úsáidfear an Ghaeilge mar ghné dár bhféiniúlacht chultúrtha, agus óstálfaidh siad cuairt staidéir chuig suíomhanna a bhaineann le 1916
*Siúlóirí Teorann*

## Global and Diaspora
## Éireannaigh ar fud an Domhain agus an Diaspóra

MAY 2016
BEALTAINE 2016

Monaghan County Museum, County libraries
Músaem Chontae Mhuineacháin, leabharlanna Contae

**Research on James Connolly's links to Monaghan**
Research on links to Monaghan and talk on resulting research
*James Connolly Family*

**Taighde ar naisc Shéamais Uí Chonghaile le Muineachán**
Taighde ar naisc le Muineachán agus caint faoin taighde a eascraíonn as
*Muintir Shéamais Uí Chonghaile*

## MEMBERSHIP OF THE MONAGHAN COMMEMORATION COMMITTEE

Ms. Carmel Thornton
Ms. Shirley Clerkin
Mr. Somhairle MacConghail
Mr. Fintan McPhillips
Ms. Deirdriu McQuaid
Mr. Liam Bradley
Ms. Dympna Condra
Mr. Adge King
Cllr Padraig McNally
Cllr Ciara McPhillips
Cllr Pat Treanor
Cllr Seamus Treanor
Ms. Kim Mc Kenna

## MONAGHAN IRELAND 2016 COORDINATOR:

For further information about this Programme please contact our 2016 Coordinator:

**Carmel Thornton**
e: cthornton@monaghancoco.ie
t: 047 30538
w: www.monaghan.ie

## BALLRAÍOCHT COISTE COMÓRTHA MHUINEACHÁIN

Carmel Thornton, Uasal
Shirley Clerkin, Uasal
An tUasal Somhairle MacConghail
An tUasal Fintan McPhillips
Deirdriu McQuaid, Uasal
An tUasal Liam Bradley
Dympna Condra, Uasal
An tUasal Adge King
An Comh. Pádraig McNally,
An Comh. Ciara McPhillips,
An Comh. Pat Treanor
An Comh. Seamus Treanor,
Kim Mc Kenna, Uasal

## COMHORDAITHEOIR ÉIRE 2016 MHUINEACHÁIN:

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin gClár seo déan teagmháil, le do thoil, lenár gComhordaitheoir 2016:

**Carmel Thornton**
r: cthornton@monaghancoco.ie
g: 047 30538
i: www.monaghan.ie

ÉIRE
IRELAND

1916 2016

Clár Comórtha
Céad Bliain
*Centenary*
*Programme*

Monaghan County Council,
County Offices,
The Glen,
Monaghan.
H18 YT50

e: info@monaghancoco.ie
t: +353 47 30500
w: www.monaghan.ie

Comhairle Contae
Mhuineacháin,
Oifigí na Comhairle,
An Gleann, Muineachán,
H18 YT50

r: info@monaghancoco.ie
g: +353 47 30500
i: www.monaghan.ie

ireland.ie